Rang a cúig agus rang a sé 1

Tugtar achoimre thíos ar fhoghlaim an linbh i rang a cúig agus i rang a sé i 6 réimse an churaclaim, mar aon le roinnt moltaí maidir le conas is féidir leat tacú le foghlaim an linbh sa bhaile.

TEANGA

Is trí theanga a fhoghlaimíonn an leanbh conas cumarsáid a dhéanamh – trí Bhéarla agus trí Ghaeilge araon. Foghlaimíonn do leanbh conas éisteacht, labhairt agus léamh sa dá theanga. Is bunús maith iad na scileanna teanga seo chun teangacha eile a fhoghlaim agus tá tábhacht ag baint leo ó thaobh foghlama i réimsí eile den churaclam.

I ranganna a cúig agus a sé, **tá scileanna éisteachta agus labhartha** an linbh sa Bhéarla ag forbairt i gcónaí tríd an gcaint. Foghlaimíonn sé/sí conas: ***éisteacht, tús a chur le comhrá, ceisteanna a chur, scéalta a insint, tuairimí a chur i mbeagán focal, mothúcháin a chur in iúl agus a mhíniú, treoracha a thabhairt, argóint a dhéanamh, rudaí a áitiú agus tuairimí a chur in iúl***. Ba chóir go mbeadh an leanbh féin-mhuiníneach sa léamh agus sa scríobh faoin am seo agus **beidh sé/sí anois ag foghlaim conas smaoineamh faoi na teachtaireachtaí** atá ina c(h)uid scríbhneoireachta féin agus sa réimse leathan ábhair léitheoireachta a léann sé/sí mar chaitheamh aimsire, agus conas na teachtaireachtaí seo a cheistiú. Trí **úrscéal ranga a léamh**, bíonn an leanbh rannpháirteach i seisiún léitheoireachta grúpa nó ranga agus bíonn deis aige/aici tuairimí a roinnt mar gheall ar an méid atá á léamh agus faoi cad a thitfidh amach sa scéal. Trí úrscéal a léamh sa rang, faigheann an páiste amach gur féidir leis leabhar iomlán a léamh. Bíonn an leanbh **ag scríobh píosaí níos faide**, freisin, agus foghlaimíonn sé/sí conas píosa amháin scríbhneoireachta a dhéanamh i gcúpla iarracht, ionas go gcuirtear feabhas uirthi i ngach iarracht.

Sa Ghaeilge, bíonn na leanaí **ag cur leis na scileanna comhrá agus cumarsáide atá acu** agus ag cur lena stór focal. Bíonn siad ag obair leis na téamaí céanna agus a bhí sna blianta roimhe: **mé féin, sa bhaile, an scoil, bia, an aimsir, an teilifís, siopadóireacht, caitheamh aimsire, éadaí** agus **ócáidí speisialta**. Baineann na leanaí úsáid as foinsí eolais laethúla cosúil le hailt as nuachtáin, agus cláir raidió nó teilifíse (e.g. nuacht TG4). Leis na fíor-ábhair seo, tagann feabhas ar na scileanna éisteachta agus foghlama sa Ghaeilge. Spreagann na foinsí seo iad chun rudaí a léamh chun eolas a bhailiú agus chun taitnimh. Ar an mbealach seo faigheann siad amach gur féidir scríobh faoi ábhar ar bith.

I scoileanna ina ndéantar an chuid is mó den fhoghlaim trí Ghaeilge, léann an leanbh réimse níos leithne d'ábhar léitheoireachta agus déantar plé sa rang faoi na hábhair sin. Bíonn sé/sí ag scríobh as Gaeilge ar go leor cúiseanna éagsúla agus ar go leor bealaí éagsúla.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- éisteacht agus labhairt leis an leanbh e.g. faoi na rudaí atá ag tarlú ar scoil agus i measc a c(h)airde, agus cad é an t-ábhar nó an clár teilifíse is fearr leis/léi
- breathnú ar chláir cosúil leis an nuacht, tráth na gceisteanna, cartúin nó cláir spóirt ar TG4 in éineacht leis an leanbh. Cé go mb'fhéidir nach dtuigfidh an leanbh mórán den teanga i dtús báire, is dócha go mbeidh sé/sí in ann an clár a thuiscint le cabhair na bpictiúr agus na fuaime agus ón eolas atá aige/aici cheana
- spreag an leanbh chun leabhair, úrscéalta nó téipeanna le scéalta a fháil ar iasacht ón leabharlann áitiúil.

Faisnéis do thuismitheoirí

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Rang a cúig agus rang a sé 2

MATAMAITIC

Cabhraíonn an Curaclam Matamaitice leis an leanbh foghlaim conas fadhbanna a thuiscint agus a réiteach. I ranganna a cúig agus a sé, bíonn na leanaí **ag obair le fíor-ábhair** i gcónaí cosúil le háiritheoirí, ciúbanna, tíleanna codáin, trealamh tomhais, cluichí uimhreacha, cártaí imeartha agus bogearraí matamaitice chun cur lena gcuid eolais agus a dtuiscint ar ábhar nua sna réimsí seo a leanas:

- Uimhreacha (ag foghlaim faoi luach áite, suimiú, dealú, méadú agus roinnt uimhreacha agus ag obair le codáin agus le deachúlacha)
- Ailgéabar (ag obair le huimhreacha dearfacha agus diúltacha le cabhair uimhirlíne agus ag obair le huimhir-abairtí agus le fadhbanna focal)
- Tomhais (ag obair le fad, achar, meáchan, toilleadh, am agus airgead)
- Sonraí (cairteacha agus graif a dhéanamh, a thuiscint, agus a léamh, agus foghlaim faoi dhóchúlacht agus seans)

Bíonn na tascanna agus na gníomhaíochtaí fadhbréitigh praiticiúla ar a mbíonn an leanbh ag obair i ranganna a cúig agus a sé cosúil leo siúd a bhí ar siúl sna ranganna roimhe seo. Tá siad anois, áfach **níos dúshlánaí agus níos casta.**

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- deis a thabhairt don leanbh airgead a láimhseáil agus buiséid a dhéanamh, e.g. d'fhéadfá iarraidh ar an leanbh turas chuig na siopaí a eagrú agus fanacht laistigh de bhuiséad áirithe agus é /í ag ceannach rudaí atá ar liosta agat. D'fhéadfadh sé/sí an tIdirlíon a úsáid chun praghsanna a sheiceáil agus a chur i gcomparáid, mar shampla, praghsanna Cdanna agus DVDanna.
- deis a thabhairt don leanbh fadhbanna a bhaineann leis an bhfíor-shaol a réiteach sa bhaile e.g. iarr ar an leanbh cabhair a thabhairt chun troscán a chur le chéile nó chun seomra a thomhas le haghaidh páipéir don bhalla nó le haghaidh cairpéad nua.

OIDEACHAS, SÓISIALTA, IMSHAOIL AGUS EOLAÍOCHTA (OSIE)

Sa stair, sa tíreolaíocht agus san eolaíocht i ranganna a cúig agus a sé, baineann na leanaí úsáid as an seomra ranga, an scoil agus an ceantar mar acmhainní foghlama. **Foghlaimíonn siad faoi áiteanna eile in Éirinn agus ar fud an domhain agus faoin saol a bhí ag daoine san am atá caite.** Agus iad ag obair, baineann na leanaí **úsáid as na scileanna céanna a bhí á bhfoghlaim acu i mblianta eile i.e.** ceistiú, breathnú, tuar, imscrúdú agus turgnamh, meastachán agus tomhas, rangú agus taifead agus cumarsáid, na scileanna céanna a úsáideann eolaithe, staraithe agus tíreolaithe. Le cabhair ó grianghraif, fíor-rudaí agus foinsí eolais cosúil le ciclipéidí, atlais, bogearraí ríomhaireachta agus cuardach Idirlín cuireann na leanaí eolas ar shaol na ndaoine in áiteanna eile. **Gach rud a fhoghlaimíonn siad, bíonn ceangal idir é agus rud éigin a d'fhoghlaim siad roimhe**, mar shampla sa tíreolaíocht, b'fhéidir go bhfoghlaimeoidh leanaí faoi na sléibhte agus na haibhneacha i gceantar eile in Éirinn agus déanfaidh siad ceangal idir é sin agus na rudaí atá foghlamtha acu mar gheall ar a gceantar féin trí chomparáid a dhéanamh eatarthu. An rud céanna sa stair.

B'fhéidir go bhfeicfidh leanaí na hathruithe atá tagtha ar shaol na ndaoine le himeacht ama ina gceantar féin agus in áiteanna eile trí staidéar a dhéanamh ar thopaic cosúil le 'teaghlaigh'

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- breathnú ar chláir fhaisnéise agus ar chláir a bhaineann leis an stair, an tíreolaíocht nó an eolaíocht in éineacht le do leanbh. Nuair a bhíonn an clár thart, bain úsáid as léarscáil, as cruinneog nó as an Idirlíon chun na tíortha a luadh sa chlár a aimsiú. Bain úsáid as leabhair thagartha nó as láithreáin ghréasáin chun níos mó a fháil amach faoin scéal agus faoi na daoine agus na háiteanna a luadh agus faoi na himeachtaí a tharla san am atá thart a raibh tionchar acu ar staid an lae inniu.
- ßcuairt a thabhairt ar áiteanna suimiúla ó thaobh na heolaíochta, staire agus tíreolaíochta de cosúil le tránna, feirmeacha oscailte, coillte nó aibhneacha sa cheantar áitiúil, fothraigh nó músaeim. Labhair leis an leanbh faoin méid a fheiceann sibh, a chloiseann sibh agus a dhéanann sibh sna háiteanna seo.

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a cúig agus rang a sé 3

OIDEACHAS EALAÍON

Sna trí hábhar seo – na hamharcealaíona, an ceol agus an drámaíocht – bíonn níos mó deiseanna fós ag an leanbh a **bheith cruthaitheach agus an tsamhlaíocht a fhorbairt.** Spreagtar na páistí ar fad chun páirt a ghlacadh agus chun taitneamh a bhaint as na hábhair seo. **Ní ar an rud a dhéanann an leanbh (an táirge) a chuirtear an bhéim ach ar an méid a fhoghlaimíonn sé/sí trí ghníomhaíocht chruthaitheach a dhéanamh (an próiseas).** I rang a cúig agus i rang a sé, cuireann an leanbh feabhas ar na scileanna atá aige/aici trí rudaí nua a thriail san ealaín, sa cheol agus sa drámaíocht. Bíonn sé/sí ag obair le réimse níos mó d'ábhar ealaíonta agus téann sé/sí i dtaithí ar réimse níos leithne de ghníomhaíochtaí ceoil agus drámaíochta. Spreagann an réimse seo den churaclam an leanbh chun **éisteacht** le ceol, chun **breathnú ar** ealaín agus **chun freagairt a thabhairt** ar léiriú drámata daoine eile sa rang, mar aon le leanaí eile agus daoine fásta.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- an leanbh a spreagadh chun suim a chur sa cheol, mar shampla, d'fhéadfadh sé éisteacht le CDanna, amhráin a rá, an fheadóg nó uirlis ceoil eile a fhoghlaim
- an leanbh a spreagadh chun tabhairt faoi rudaí cruthaitheacha trí acmhainní agus spás a chur ar fáil dó. Iarr ar an leanbh na rudaí a úsáideann sé a bhailiú nuair a bhíonn sé críochnaithe.
- breathnú ar chláir do pháistí ar an teilifís in éineacht leis an leanbh nó dul chuig scannáin, drámaí, ceolchoirmeacha agus taispeántais ealaíne agus an méid a fheiceann sibh a phlé.

CORPOIDEACHAS

I ranganna a cúig agus a sé bíonn an leanbh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí fisiceacha éagsúla, sa scoil agus lasmuigh de, ar nós:

- Lúthchleasa (rith, léim agus caitheamh)
- Damhsa (foghlaim faoi dhamhsa, damhsa a chruthú agus a dhéanamh)
- Gleacaíocht (cothromaíocht, gluaiseacht i dtreonna éagsúla i seicheamh ina (h)aonar agus le daoine eile agus gluaiseacht ag baint úsáide as trealamh ar nós rabhlaithe agus mataí)
- Cluichí (láimhseáil liathróide, ciceáil, an liathróid a iompar agus a bhualadh, agus mionchluichí a imirt agus réiteoireacht a dhéanamh orthu)
- Gníomhaíochtaí faoin aer agus gníomhaíochtaí eachtraíochta (siúl, rothaíocht agus campáil agus bealaí agus bac-chúrsaí níos dúshlánaí a leanúint laistigh de theorainneacha ama).[4]

Bíonn béim ar spraoi agus ar thaitneamh sna ceachtanna corpoideachais agus foghlaimíonn an leanbh conas comhoibriú a dhéanamh le daoine eile chun feidhmíocht an ghrúpa iomláin a fheabhsú.

Ag an am céanna, tugtar spreagadh don leanbh feabhas a chur ar an gcumas atá aige/aici ag a luas féin. Beidh sé soiléir faoi seo cad iad na spóirt agus na cluichí is mó a thaitníonn leis an leanbh. B'fhéidir go n-imreoidh sé/sí iad seo lasmuigh den scoil agus nuair a bheidh sé/sí fásta.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- cinntiú go mbíonn neart deiseanna ag an leanbh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fisiceacha le gaolta agus le cairde leis/léi
- an leanbh a thabhairt leat chun imeachtaí áitiúla nó náisiúnta spóirt a fheiceáil agus suim agus rannpháirtíocht an linbh i ngníomhaíochtaí fisiceacha nó cluichí áirithe a spreagadh i.e. tacaíocht a thabhairt d'fhoireann áitiúil CLG nó d'fhoireann an chontae nó imirt don chlub áitiúil. Cabhróidh siad go léir leis an leanbh cairde a dhéanamh sa bhaile agus a bheith mar dhuine den phobal sin.

[4] I ngníomhaíochtaí uisce foghlaimíonn leanaí faoi shábháilteacht san uisce agus conas spraoi a bheidh acu san uisce agus na géaga agus na cosa a úsáid. Ag brath ar acmhainní na scoile, molann an curaclam deis a thabhairt do leanaí scileanna gluaiseachta a fhorbairt san uisce uair éigin le linn na bunscolaíochta..

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a cúig agus rang a sé 4

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)

Pléann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) le **forbairt phearsanta, le sláinte agus le folláine an linbh.** Cabhraíonn sé le leanaí **a thuiscint conas aire a thabhairt dóibh féin, conas meas a bheith acu ar dhaoine eile agus conas plé leo, agus conas déileáil lena gcuid mothúchán.** Cabhraíonn sé leis na leanaí a thuiscint go bhfuil siad freagrach as na rudaí a dhéanann siad. Áirítear le OSPS an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) – cuid thábhachtach d'fhorbairt gach linbh. Cabhraíonn sé leis an leanbh an tábhacht a bhaineann le caitheamh go maith lena c(h)orp féin agus le coirp daoine eile a thusicint. Foghlaimíonn an leanbh freisin faoi na hathruithe a tharlaíonn don chorp ag pointí éagsúla forbartha e.g. ag am caithreachais **Tá beartas OCG ag gach scoil** agus leagtar amach ann cad a mhúinfear agus cathain a thabharfar isteach ábhar ar leith.

I ranganna a cúig agus a sé:

- foghlaimíonn an leanbh conas aire a thabhairt dó/di féin
- foghlaimíonn sé/sí faoin tábhacht atá le bia folláin a ithe agus an corp a choimeád glan agus sláintiúil
- foghlaimíonn sé/sí faoi bhealaí iompair atá sláintiúil
- foghlaimíonn sé/sí conas na rudaí a chuireann isteach air/uirthi a aithint agus conas straitéisí a cheapadh chun déileáil leo
- foghlaimíonn sé/sí freisin faoin tábhacht atá le heolas a bhailiú faoi ábhar sula ndéantar cinneadh faoi.

Bíonn tuiscint níos mó ag leanaí freisin faoin méid a chuireann siad leis an scoil agus leis an bpobal áitiúil. Tosaíonn siad ag fáil amach faoin daonlathas agus cuireann siad aithne ar na grúpaí éagsúla cultúrtha, creidimh, eitneacha agus eile agus conas meas a bheith againn orthu. Foghlaimíonn siad gur chóir aire a thabhairt dá dtimpeallacht sa bhaile agus níos faide ó bhaile agus an Domhan a choimeád slán do na glúine atá le teacht. Foghlaimíonn siad freisin faoin ról agus faoin tionchar atá ag na meáin chumarsáid agus conas an tionchar sin a cheistiú.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- nósanna sláintiúla itheacháin a chothú trí lón sláintiúil a chur ar fáil don scoil agus bia folláin ag béilí eile. Is é an bricfeasta an béile is tábhachtaí toisc go gcuireann sé tús sláintiúil le lá an linbh.
- má bhíonn an leanbh bainteach le himeachtaí teaghlaigh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, imeachtaí cosúil le siopadóireacht, turas chuig an bpictiúrlann nó seomra a mhaisiú, mothóidh sé/sí go bhfuil ról úsáideach aige/aici sa teaghlach agus beidh sé/sí in ann na scileanna atá foghlamtha trí churaclam na scoile a úsáid sa saol mór e.g. cuardach a dhéanamh ar an Idirlíon agus eolas ar amchlár a mhíniú
- labhairt leis an leanbh faoi rudaí éagsúla a bhaineann leis/léi e.g. caidreamh leis an teaghlach agus le cairde, rudaí atá ag tarlú ar scoil, conas fanacht slán, an chontúirt a bhaineann le mí-úsáid substaintí ar nós drugaí nó alcóil

Iarr ar mhúinteoir ranga an linbh an bhfuil bealaí eile ann gur féidir leat cabhrú leis an leanbh foghlaim sa bhaile agus é/í i ranganna a cúig agus a sé. Ceistigh na tuismitheoirí eile faoi rudaí a dhéanann siad siúd.

Faisnéis do thuismitheoirí